

An
Bord
Pleanála

Leabhrán Eolais

Comórtas Oscailte Chun Stiúrthóir Pleanála A Cheapadh

Dáta Deiridh chun iarratais chomhlánaithe a fháil:

Spriocdháta Luain 02 Deireadh Fómhair 2023 ag 3.00 p.m.

IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN BORD PLEANÁLA

Meán Fómhair 2023

TEIDEAL AN PHOIST:	Stiúrthóir Pleanála
GRÁDÁLA:	Príomhoifigeach
NÁDÚR AN PHOIST:	Post buan lánaimseartha atá lonnaithe san oifig.
IONAD:	64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 V902

1. Background Information

Tá ról ríthábhachtach ag an mBord Pleanála i gcóras pleanála na hÉireann agus tá ról garbhreithiúnach aige maidir le cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí pleanála a dhéanann údarais áitiúla, iarratais dhíreacha ar bhonneagar straitéiseach agus catagóirí eile forbartha faoi shraith na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus Achtanna eile, lena n-áirítear feidhmeanna nua faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021. Is comhlacht garbhreithiúnach é an Bord Pleanála a bhfuil sainordú aige measúnuithe agus cinntí pleanála gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar go tráthúil agus aird aige ar phrionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta agus an neamhspleáchais.

Mar gheall ar éilimh oibriúcháin níos leithne agus mhéadaithe ar an mBord Pleanála beidh cur chuige eagraíochtúil nua-dhírthe de dhíth ionas gur féidir le córais agus nósanna imeachta an Bhoird feidhmiú go héifeachtach. Tagann sé seo sna sála ar Athbhreithniú Oifig an Rialálaí Phleanála agus ar Phlean Gníomhaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don Bhord Pleanála (Deireadh Fómhair 2022), mar aon le hathruithe struchtúracha beartaithe a eascróidh as athchóiriú reachtaíochta atá ar siúl faoi láthair san (Acht um Pleanáil agus Forbairt).

Is féidir tuilleadh sonraí ar ról agus obair an Bhoird Pleanála a fháil ag

www.pleanala.ie

Struchtúr na Foirne agus Caidrimh Tuairiscithe

Tá 224 fostaí agus 14 chomhalta Boird ag an mBord Pleanála faoi láthair. Tá cairt eagraíochta le feiceáil ag deireadh an leabhráin seo (**Aguisín 1**). Tá beirt Stiúrthóirí Pleanála i gceannas ar an Rannán Oibríochtaí Pleanála a fhreagraíonn go díreach don Phríomhoifigeach. Eagraítear Oibríochtaí Pleanála ina ngnáth-achomhairc phleanála agus i gcineálacha eile achomharc/cásanna agus iarratais dhíreacha, lena n-áirítear cásanna bonneagar straitéiseach, feidhmeanna nua faoi chúrsaí farraige, dramhaíola agus bóithre srl. agus Stiúrthóir Pleanála i gceannas ar gach ceann acu. Gnáth-achomhairc phleanála a bheidh i sannadh tosaigh an phoist seo an Stiúrthóra Phleanála a mbaineann thart ar 70% d'obair cháis an Bhoird leo. Freagraíonn cúigear Stiúrthóirí Cúnta Pleanála agus beirt Oifigeach Riaracháin Sinsearach go díreach do na Stiúrthóirí Pleanála ag brath ar nádúr na cásoibre.

Tá na Stiúrthóirí Pleanála ina mbaill den fhoireann shinsearach cheannaireachta atá freagrach as foirne foriomlána Oibríochtaí Pleanála a threorú agus a bhainistiú go héifeachtúil, lena n-áirítear cigirí phleanála agus foireann riaracháin, maidir le croíghnó an Bhoird Phleanála a sheachadadh i dtéarmaí cásobair a phróiseáil go héifeachtúil agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an straitéis agus ar na cuspóirí eagraíochtúla atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an Bhoird agus i bpleananna obair leanúnach.

Comhthéacs Eagrúcháin Reatha

Tá an Bord Pleanála fós ag cloí lena stádas mar an t-eadránaí neamhspleách ar chúrsaí phleanála agus forbairt inbhuanaithe in Éirinn. Cuimsíonn an comhthéacs eagraíochtúil dúshlánach na nithe seo a leanas:

- Timpeallacht rialála phleanála atá ag éirí níos casta an t-am ar fad.
- Riaráiste suntasach cásoibre a réiteach agus feabhas a chur ar rátaí comhlíonta foriomlána le tréimhsí oibiachtúla reachtúla

- Ullmhú do chur i bhfeidhm reachtaíocht pleanála chuimsitheach nua a bhfuil coinne súil léi in 2023, rud a dhéanfaidh athchóiriú suntasach ar na mBord, lena n-áirítear cur i bhfeidhm moltaí a d'eascair as an athbhreithniú a rinne Oifig an Rialálaí Pleanála agus Plean Gníomhaíochta an Aire de mhí Dheireadh Fómhair 2022.
- Feabhsú leanúnach feidhmíochta maidir le riachtanais oibríochtúla an Bhoird Phleanála.
- Ullmhúchán do chur i bhfeidhm athchóiriú cuimsitheach ar reachtaíocht phleanála a dhéanfaidh athchóiriú suntasach ar an mBord. Cinnteoireacht láidir ardchaighdeáin maidir le gach cás lena n-áirítear, forbairtí bonneagar straitéiseach a bhaineann le cúrsaí fuinnimh, iompair, muirí, aeráide, dramháola, agus saoráidí eile a bhfuiltear ag súil leo sna blianta amach romhainn, lena n-áirítear faoi fheidhmeanna nua.
- Cur chun feidhme an chlaochlaithe dhigitigh agus an chláir oibre faireacháin sonraí lena gceanglaítear córais dhigiteacha agus ar líne a sheachadadh don phobal.

2. Cuspóir an Róil

Tá Stiúrthóir Pleanála sa Bhord Pleanála freagrach as a chinntiú go láimhseáiltear achomhairc phleanála, tarchuir agus iarratais dhíreacha go héifeachtach agus go héifeachtúil agus aird aige ar leasanna na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe. Tá stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go ndéantar tuarascálacha ardchaighdeáin a chomhlíonadh go tráthúil chun a chinntiú go gcomhlíonann an Bord a tréimhsí oibiachtúla reachtúla (SOP). Beidh Stiúrthóir Pleanála freagrach as stiúradh, forbairt agus maoirseacht straitéiseach fhoireann na nOibríochtaí Pleanála atá faoina shainchúram agus sain-ionchuir a aithint de réir mar is gá. Cuireann Stiúrthóirí comhairle, saineolas agus tacaíocht ghairmiúil pleanála ar fáil don Bhord chun cabhrú le seirbhís pleanála ardchaighdeáin a sholáthar don phobal ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil. Cuireann stiúrthóirí le dea-chleachtas rialachais agus bainistíochta agus cuireann siad i bhfeidhm é i gcomhréir leis an gCód Iompair agus le beartais agus nósanna imeachta eile atá ag feidhmiú laistigh den Bhord Pleanála.

Beidh an-taithí ag an iarrthóir idéalach i réimse Phleanáil na hÉireann, ina léireofar leibhéal ard saineolais agus taithí i bpleanáil agus i mbainistiú foirne móra ildisciplíneacha araon, agus scileanna láidre ceannaireachta aige/aici a chinntíonn cur chuige dírithe ardfheidhmíochta i measc baill foirne.

Príomhdualgais

Oibriúcháin

Áirítear na nithe a leanas ar fhreagrachtaí, gan a bheith teoranta dóibh:

- An obair in Oibríochtaí Pleanála a threorú agus a bhainistiú maidir le gnáth-achomhairc phleanála agus cásanna eile ar dtús, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar dualgais reachtúla phleanála an Bhoird Phleanála
- Sain-tacaíocht theicniúil/comhairle ghairmiúil a sholáthar maidir le cásanna agus saincheistanna sonracha, cúrsaí pleanála ginearálta, agus saincheistanna beartais/forbartha agus saincheistanna gaolmhara a mbíonn tionchar acu ar oibríochtaí an Bhoird Pleanála
- Acmhainní oibriúcháin pleanála a bhainistiú agus a fhorbairt go héifeachtach le cinntiú go ndéantar cásobair a sheachadadh go tráthúil agus go gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí bliantúla.
- Tacaíocht agus treoir a sheachadadh don fhoireann agus do phleanálaithe gairmiúla sa Bhord Pleanála, ag leagan síos sárchaighdeán eolais agus dea-chleachtais phleanála i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa.
- A bheith ar an eolas, agus a chinntiú go mbíonn an fhoireann ar an eolas, faoi fhorbairtí i gcúrsaí pleanála, lena n-áirítear reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE
- Tuarascálacha agus moltaí a sholáthar don Bhord ó fhoirne ainmnithe. Ba chóir gach tuarascáil a dhéanamh ar bhealach gairmiúil agus tráthúil agus go gcomhlíonfadh sé na spriocanna agus na spriocdhátaí atá socraithe

chun a chinntiú go mbaintear amach cuspóirí foriomlána na heagraíochta agus go seachadtar seirbhís phoiblí ar ardchaighdeán.

- A bheith ar fáil chun dul i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach, le comhghleacaithe in Oibríochtaí Pleanála agus le baill foirne Cigireachta agus Riaracháin agus le baill foirne ar fud na heagraíochta ar bhonn laethúil.
- Mar bhall den fhoireann ardbhainistíochta, cur le forbairt Phlean Straitéiseach an Bhoird Phleanála, Plean Gnó Bliantúil, straitéis TFC agus tionscnaimh eile chun cabhrú le hathchóiriú na hearnála poiblí agus le feabhsú leanúnach.

Bainistíocht

- Ceannaireacht, tacaíocht agus treoir a sholáthar do bhaill an aonaid bhunaithe de réir mar is gá.
- A bheith in ann daoine eile a spreagadh, páirt a ghlacadh agus cabhrú leo ionas go mbainfidh siad a lánacmhainneacht amach agus a spriocanna pearsanta amach agus spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta á gcur i gcrích acu ag an am céanna.
- Cumas chun tionscadail a thionscnamh, monatóireacht a dhéanamh orthu, iad a rialú agus idirghabháil a dhéanamh de réir mar is gá.
- Na hacmhainní a bhainistiú go héifeachtúil laistigh d'oibríochtaí pleanála lena n-áirítear bainistíocht éifeachtúil bhainisteoirí sinsearacha ag leibhéal Stiúrthóir Cúnta na Pleanála agus Oifigigh Riaracháin Shinsearacha ar bhealach cothrom, éifeachtúil agus gasta.
- Cruinnithe foirne rialta a reáchtáil, lena n-áirítear baill foirne riaracháin ábhartha ar bhonn míosúil, nó níos minice, de réir mar is gá chun cabhrú le cur i gcrích na gcuspóirí eagraíochtúla foriomlána agus chun comhairle agus treoir a chur ar fáil.

- A bheith ag plé le córas Tacaíochta Feidhmíochta, Bainistíochta agus Forbartha an Bhoird lena n-áirítear athbhreithnithe bliantúla agus lár na bliana le baill foirne cheaptha.
- Monatóireacht agus anailís leanúnach ar ualaí oibre agus spriocanna gaolmhara chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach/réamh-mheas a dhéanamh ar fhadhbanna féideartha lena n-áirítear saincheistean sreafa oibre a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chuspóirí eagraíochtúla agus rátaí comhlíonta le tréimhsí oibiachtúla reachtúla (SOP).

Feabhsú Leanúnach na hEagraíochta

- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí/ar choistí de réir mar is gá, ar grúpaí nó coistí iad arna mbunú don ilioma d feidhmeanna comhairliúcháin a dhéanann an fhoireann., mar shampla; Coistí Rannáin Oibriúcháin Pleanála, Coistí Cigireachta, meithleacha, cruinnithe míosúla cigirí, etc.
- Taighde/anailís a dhéanamh de réir mar is gá, ina n-aonar nó mar bhall foirne agus mar a ordóidh an Príomhoifigeach. D'fhéadfadh go mbeadh meantóireacht ar thionscadail taighde na mac léinn i gceist leis seo.
- Cuidiú le tionscnaimh inmheánacha CPD/oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Cláir staidéir a leagan amach do bhaill foirne chun scileanna, saineolas agus cumas a fhorbairt, trí réimse méadaithe deiseanna foghlama agus forbartha chun feidhmíocht a chumasú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán atá ag teacht chun cinn.
-

3. Cáilíochtaí agus Taithí

Cáilíochtaí Riachtanacha

Ní mór na cáilíochtaí seo a leanas a bheith ag iarrthóirí ar nó roimh 02 Deireadh Fómhair 2023:

- I. Cáilíocht ghairmiúil sa phleanáil atá aitheanta ag Institiúid Pleanála na hÉireann nó an Institiúid Ríoga Pleanála Bailte mar cháilíocht a chuireann ar chumas an duine comhaltas iomlán a lorg san Institiúid ábhartha,
- II. Taithí shásúil seacht mbliana ar a laghad a bheith acu, ó cháiligh siad, ar phleanáil i bpost sinsearach bainistíochta/ceannaireachta.
- III. Saineolas agus taithí a bheith acu ar phleanáil, nádúr, cuspóir agus áit an bheartais phoiblí in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

Taithí Riachtanach

- taithí a bheith acu ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar reachtaíocht ábhartha pleanála agus comhshaoil lena n-áirítear gnéithe Eorpacha agus idirnáisiúnta.
- Taithí a bheith acu ar dhéileáil le tionscadail shuntasacha bhonneagair, mar shampla, tionscadail iompair, bonneagair fuinnimh, uisce agus dramhaíola.
- Acmhainn shoiléir a léiriú chun ionchuir speisialtóra a chomhordú i bpleanáil agus/nó meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair ar mhórscála.
- A léiriú go soiléir go bhfuil ar a gcumas ionchur speisialaithe a chomhordú i bpleanáil agus/nó i meastóireacht tionscadail bhonneagair ar mhórscála.
- A bheith in ann cásobair chasta a mheas agus a anailísiú agus scileanna maithe breithiúnais a bheith acu nó a thaispeáint chun moltaí a dhéanamh chun cabhrú le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe, as a dtagann tuairiscí atá soiléir agus gonta agus a chuirtear i láthair ar ardchaighdeán lena n-áirítear sárscileanna scríofa tuairisce.

- **Ceanglais inmhianaithe ach nach bhfuil riachtanach**

- Taithí roimhe seo ar mhaoirseacht a dhéanamh ar rannán mór pleanála le foirne ildisciplíneacha, laistigh d'eagraíocht agus/nó cáilíocht ábhartha Bhainistíochta, oiliúna nó a leithéid.

Sonraíocht Phearsanta

Ba cheart don iarrthóir idéalach:

- Ceannaireacht agus tionscnaíocht láidir a léiriú mar aon le spéis in éabhlóid agus feabhsú leanúnach na heagraíochta a chur chun cinn de réir a spriocanna straitéiseacha.
- Tá tá siad tiomanta don ról atá ag an mBord Pleanála agus tá tuiscint shoiléir acu ar ról sin, chomh maith le heolas agus tuiscint ar na dúshláin atá roimhe maidir lena fheidhmeanna reachtacha a chomhlíonadh go héifeachtúil laistigh de chreat casta reachtach agus dlíthiúil.
- Tuiscint agus bainistíocht chruthaithe a léiriú ar an timpeallacht eagraíochtúil a bhaineann le seachadadh rathúil athraithe.
- A bheith tiomanta do chaighdeáin agus luachanna gairmiúla na hearnála poiblí a chothabháil i gcónaí
- Scileanna láidre idirphearsanta, cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an ardbhainistíocht, le custaiméirí inmheánacha agus seachtracha agus le piaraí agus páirtithe leasmhara.
- An cumas a bheith acu comhghleacaithe agus baill foirne a threorú, a bhainistiú, a spreagadh agus a chumhachtú chun fíis chomhroinnte a bhaint amach.

Príomhinniúlachtaí maidir le Feidhmíocht Éifeachtach (Aguisín 2)

- Saineolas Pleanála Stiúrthóir Pleanála
- Ceannaireacht & Treo Straitéiseach
- Breithiúnas agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Soláthar Torthaí
- Caidreamh a Chothú & Cumarsáid
- Díograis agus Dílseacht

An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh cuid de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- Gearrliosta iarrthóirí, bunaithe ar an eolas a thugtar sna hiarratais
- Agallamh iomaíoch inar féidir le cur i láthair a bheith mar chuid dó
- Déanfar gearrliosta eile ar iarrthóirí tar éis agallaimh le cuireadh chuig an dara babhta agus d'fhéadfadh cur i láthair a bheith i gceist leis sin. Triúr a bheidh ar an mBord Agallaimh d'aon réamhchéim agallaimh.
- Le haghaidh bhabhta deiridh an agallaimh, féadfaidh an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach nó comhalta den Bhord dul isteach ar an bPainéal Agallaimh chun painéal de cheathrar a dhéanamh

De ghnáth is mó iarratas a fhaightear ar phost ná an líon is gá chun folúntais atá anois ann agus folúntais todhchaí a líonadh. Bíodh is gur féidir go sásóidh iarrthóirí critéir cháilitheachta an chomórtais, más amhlaidh nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a chur ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas, i bhfianaise líon na n-iarrthóirí, féadfaidh an Bord Pleanála cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe a ghlaoch chun agallaimh/tasc ar thuairisc a scríobh.

Sa mhéid seo, úsáidfear próiseas gearrliostaithe a dhéanfar as scrúdú na bhfoirmeacha iarratais agus as riachtanais agus gnéithe inmhianaithe na bpost, chun grúpa a chur le chéile do na daoine is oiriúnaí don phost. Mar sin, is é do leas é cuntas cruinn mionsonraithe a chur ar fáil den tslí ina gcomhlíonann do scileanna, tréithe pearsanta, cáilíochtaí agus taithí féin riachtanais agus gnéithe inmhianaithe an phoist.

Má iarrtar ar iarrthóir teacht chun scrúdú agus/nó agallaimh/agallamh, is é an t-iarrthóir a íocfaidh an costas. Ní féidir dátaí ná amanna scrúdaithe agus/nó agallaimh a athrú **Má tá iarrthóirí ann nach dtagann chun scrúduithe agus/nó agallaimh/agallamh srl., nuair a iarrtar é agus san áit a iarrtar é, ní bheidh aon éileamh acu ar bhreithniú breise agus measfar a n-iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar.**

Iarrthóir ar bith a sholáthraíonn faisnéis mhíthreorach nó faisnéise bhréige ina n-iarratas, dícháileofar iad nó déanfar a bhfostaíocht a fhoirceannadh Déanfaimid ár ndícheall iarrthóirí a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn a n-iarratas a luaithe is féidir.

Ba chóir d'iarrthóirí a chur san áireamh go ndícháileoidh canbhásáil agus go gcuirfear amach as an bpróiseas iad dá bharr.

Próiseas an Iarratais

Ní mór **Foirm Iarratais an Stiúrthóir Pleanála** a líonadh isteach agus a chur isteach go dtí an seola dh ríomhphoist sonraithe. Ní ghlacfar le foirmeacha nár líonadh isteach i gceart, mar sin tabhair aird ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Ní mór an fhoirm iarratais a chur isteach i bhfoirm doiciméad Word nó PDF, ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh air. Tar éis é a chríochnú, sábháil an doiciméad mar “Stiúrthóir Pleanála – d’ainm”. Iarrfar ort é a cheangal le ríomhphost le cur isteach.

An Fhoirm a chur isteach:

Ar chríochnú na foirme, iarrtar ort é a chur isteach go dtí an seoladh seo a leanas: recruitment@pleanala.ie

Ní ghlacfar ach le hiarratais san fhoirm chuí, a cuireadh isteach ar líne. Má tá aon deacracht agat le fáil nó le líonadh isteach na foirme, seoladh ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie

Admhaímid gach iarratas a fhaightear. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de 3 lá oibre den iarratas a chur isteach, seol ríomhphost chuig s.byrne@pleanala.ie

Ná cuir isteach Curriculum Vitae le d'iarratas de bhrí nach mbreithneofar é.

Spriocdháta:

Luain 02 Deireadh Fómhair 2023 ag 3.00pm

Nóta

Déanaimid ár ndícheall an méid is mó ama a thabhairt roimh dhátaí féideartha na n-agallamh, srl. Meastar, áfach, go mbeidh na tascanna scríbhneoireachta agus na hagallaimh ar siúl i dtreo dheiridh Deireadh Fómhair/Samhain. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith saor thart ar an am seo

Gearrliostú

Más rud é go ndéantar gearrliostú, déanfar scrúdú ar an eolas atá ar fáil i ngach iarratas agus déanfar measúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcritéar atá mar chuid de riachtanais an phoist.

D'fhéadfá painéal a chur le chéile agus d'fhéadfá post buan nó sealadach a sholáthar ón bpainéal sa todhcháí.

Moltóirí

Smaoinigh ar ainmneach na ndaoine a bheadh oiriúnacha mar mholtóirí go bhféadfaimis teagmháil a dhéanamh leo. Ba chóir go mbeadh an fostóir láithreach san áireamh mar mholtóir. Ní iarrfaimid ar dhaoine sonraí a thabhairt

dúinn nó teagmháil a dhéanamh le moltóirí ach má tá an duine sin san iomaíocht tar éis an agallaimh.

IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA É AN BORD PLEANÁLA

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

1. Ginearálta:

Is do phost bunaithe sa tSeirbhís Phoiblí atá an ceapachán seo. Beidh tréimhse phromhaidh bliana ó dháta an cheapacháin. Ainneoin an pharagraif seo agus an pharagraif díreach ina dhiaidh thíos, ní chiallaíonn sé nach féidir an tréimhse phromhaidh a fhadú i gcásanna áirithe. Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmiúlacht an cheapaí faoi réir athbhreithniú ó Príomhoifigeach leis an méid seo a leanas i gcás an cheapaí a chinntiú:

- (i) an raibh an fheidhmiúlacht sásúil;
- (ii) an raibh an t-iompar ginearálta sásúil; agus
- (iii) an bhfuil sé/sí oiriúnach ó thaobh na sláinte ag féachaint go háirithe don tsaoire bhreiteachta.

Roimh dheireadh na tréimhse promhaidh, déanfar cinneadh maidir le cibé an gcoimeádfar an cheapaí nó nach gcoimeádfar. Bunófar an cinneadh seo ar fheidhmiúlacht an cheapaí atá á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneofar sonraí an phróisis phromhaidh don cheapaí agus tabharfar cóip de threoirlínte an Bhoird Phleanála maidir le promhadh dó/di.

2. Tuarastal:

Tá tuarastal an phoist seo mar seo a leanas **(le héifeacht ón 1 Márta 2023)**

Pá (liúntas IPC san áireamh) – **Scála PPC**

€	€	€	€	€	€	€
100,995	105,446	110,188	114,340	€118,205	121,814 ¹	125,419 ²

Ní mór d'iarthóirí a chur san áireamh gur féidir an ráta pá a mhionathrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais. Is féidir go mbronnfar breiseanna bliantúla faoi réir na feidhmíochta a bheith sásúil

Nóta Tábhachtach:

Is féidir go mbeidh pá agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm, más amhlaidh gur fostaí sa tseirbhís phoiblí nó státseirbhíseach é an té a cheapfar díreach sular ceapadh é/í.

Íocaíochtaí coicísiúla a bheidh i gceist i bhfoirm Aistriú Ríomhchistí isteach i gcuntas bainc ar rogha an Oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirtear sonraí bainc ar fáil.

3. Tionacht

Post buan inphinsin é seo. Féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh uair ar bith le cibé ceann is faide d'fhógra trí mhí i scríbhinn ar cheachtar taobh, nó mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005. I gcás mí-iompair, féadfar an fhostaíocht a fhoirceannadh uair ar bith gan fógra, nó le híocaíocht in áit fógra. In aon chás eile, caithfear cúiseanna ráite a bheith ag gabháil le haon fhoirceannadh fostaíochta a dhéanann an Bord.

4. Dualgais

Beifear ag súil go gcomhlíonfaidh an té a cheapfar gach dualgas a bhaineann leis an bpost seo, a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile.

5. An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Is ionann téarmaí na hAhta um Eagrú Ama Oibre 1997 leis an bpost seo, nuair is oiriúnach ann.

6. Uaireanta Oibre:

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig 15 nóiméad sa tseachtain – 35 uair an chloig glan ar shosanna lóin. Beidh ar an té a cheapfar seachtain cúig lá a oibriú. De ghnáth, ritheann na huaireanta freastail Luan go Aoine 9.15rn go 5.30. Sa chás go bhfuil breis freastail ag teastáil chun go gcloítear le dualgais, áfach, ní féidir ragobair nó íocaíocht sa bhreis a íocadh.

7. Saoire Bhliantiúil:

Is é 30 lá sa bhliain liúntas saoire bhliantiúil. Liúntas é sin a bheidh faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla agus atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá. Ní áireofar air na gnáthlaethanta saoire phoiblí.

8. Sláinte:

Ba chóir go bhfuil aon iarrthóir do phost agus aon duine a bhfuil i bpost inniúil agus ábalta na dualgais maidir leis an bpost a dhéanamh agus a bheith i stát sláinte a thaispeánfadh go mbeadh siad in ann seirbhís éifeachtúil agus rialta a thabhairt don phost. Beidh orthu siúd a bhfuil san iomaíocht don phost dearbhú sláinte agus carachtair a líonadh.

9 Asláithreacht de bharr breoiteachta

Íocfar ar bhonn pro-rata le linn asláithreacht dheimhnithe breoiteachta, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse ann, de réir fhorálacha Bheartas Bainistíochta Asláithreachtaí an Bhoird Phleanála agus imlitreacha ábhartha saoire bhreoiteachta mar a leasaítear ó am go chéile. Iarrfar ar cheapaithe, a bheidh ag íoc ráta Aicme A d'ÁSPC, sainordú a shíniú lena n-údarófar an Roinn Coimirce Sóisialaí chun aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an mBord Pleanála. Íocfar tuarastal le linn breoiteachta faoi réir théarmaí agus coinníollacha saoire bhreoiteachta maidir leis an seirbhís phoiblí agus/nó an tseirbhís phoiblí i gcoitinne agus déanfaidh an ceapaí an t-éileamh is gá ar shochar árachais shóisialaigh ar an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

10. Sannadh/Suíomh:

Oibreoidh an té a cheapfar in oifigí an Bhoird Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902. Íocfar costais taistil oiriúnacha don té a cheapfar nuair atá orthu a bheith ag taistil ar fáthanna oibre, de réir gnáthrialacháin na státseirbhíse.

11. Aoisliúntas

Tairgfear don té a cheapfar na téarmaí agus coinníollacha cuí pinsin atá ar fáil ón mBord Pleanála an uair a thairgfear an ceapachán. De ghnáth, agus ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (taobh amuigh de théarmaí na scéime aonair) sna 26 seachtaine roimh an ceapachán (féach an nóta tábhachtach thíos), ciallaíonn seo go dtairgfear ceapachán bunaithe ar bhallaíocht den Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”). Cuirfear in iúl d’iarrthóirí cén scéim a bhainfidh leo, an uair a thairgfear an ceapachán. Tháinig an Scéim Aonair, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Ón dáta sin ar aghaidh, beidh seirbhísigh nua poiblí ina mbaill den Scéim Aonair, a sholáthróidh pinsin sochair shainithe nasctha leis an CPI, bunaithe ar mheán íocaíochta thréimhse na gairme. Nascfar íos-aois pinsin na Scéime le haois an Phinsin Stáit (66 bliain ar dtús, ag méadú go 67 i 2021 agus 68 i 2028). Beidh ar fhoráiltear na mball dul ar scor ar 70 bliain a bheith slánaithe acu. Gheofar tuilleadh faisnéise faoin Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ag: <http://www.per.gov.ie/pensions>. Ofráilfear téarmaí pinsin oiriúnaigh agus coinníollacha aoise scoir dóibh siúd a n-éireoidh leo mar atá i réim sa seirbhís phoiblí ag an am a cheapfar an duine sa phost.

Fabhrú Pinsin:

Beidh teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán a áireamh i leith pinsin i gcás ina mbaineann an duine le níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana. Tháinig an teorainn 40 bliain sin, dá bhforáiltear san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, i bhfeidhm an 28 Iúil 2012. Féadfaidh impleachtaí a bheith aige sin d’aon cheapaí a ghnóthaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Asbhaint i leith Pinsin:

Tá an ceapachán seo faoi réir asbhaint i leith pinsin de réir an Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009.

Nóta Tábhachtach

Léirítear thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ceaptha le bheith ina liosta cuimsitheach téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an té a cheapfar an uair a thairgfear an ceapachán. Cinnfidh an Bord Pleanála, i bhfianaise stair fostaíochta an té a cheapfar, cibé an “iontrálaí nua” é nó í, nó nach ea. Ceanglófar ar cheapaithe a stair iomlán seirbhíse poiblí a nochtadh.

Dearbhú:

Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhu cibé ar bhain siad leas le deireanas as scéim seirbhíse poiblí luathscoir dhreasaithe roimhe seo. Iarrfar ar iarratasóirí aon teidlíocht ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (i bhfoirm íocaíochta) a dhearbhu. Gheofar tuilleadh faisnéise maidir leis an scéim pinsin d'Fhostaithe Bunaithe Stáit ar an suíomh gréasáin seo a leanas: <http://www.cspensions.gov.ie>

12. Ba chóir don CSP cloí leis na dualgais atá leagtha amach in alt 113 agus 114 d'Acht um Pleanáil, 2000 arna leasú faoi fhaisnéis faoi rún agus faoi chosc ar chumarsáid áirithe maidir le rudaí atá faoi chinneadh nó faoi mheas an Bhoird nó faoi stiúr coistí an Bhoird. Aontóidh an té a cheapfar leis an dualgas gan faisnéis faoi rún a scaoileadh chuig triú páirtí an fhad is atá an té fostaithe leis an Bord nó ina dhiaidh.

13. Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Beidh an té a cheapfar faoi réir forálacha na hAhta seo.

14. Cód Iompair – Gníomhaíocht Pholaitiúil

Dé réir Chód Iompair an Bhoird ní mór d'fhostaí an Bhoird dearbhú a dhéanamh chuig Rúnaí an Bhoird maidir le ballraíocht pháirtí polaitiúil

15. Dualgais ar Fhoireann:

Ní mór d'fhostaithe an Bhoird cloí le Cód Iompair an Bhoird agus cloí le polasaithe agus le nósanna imeachta an Bhoird mar a leagtar amach iad ó am go chéile.

16. Fostaíocht Sheachtrach:

Is post lánaimseartha a bheidh ann agus ní féidir leis an bhfostaí cleachtadh príobháideach a bheith ar siúl acu nó a bheith bainteach le haon chomhlacht seachtrach a thrasnaíonn lena d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as a f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas.

17. Cáilitheacht don Chomórtas

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an comórtas seo oscailte do dhaoine le saoránacht ó tíortha atá san LEE. Is é an LEE ná tíortha atá san AO, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.

18. Scéim Luathscoir Dhreasaithe

Is coinníoll é den scéim luathscoir dhreasaithe mar a leagtar amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scoir iarratas a chur isteach ar phost san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna, de réir na scéime. Mar sin, ní féidir leis na daoine sin atá ar scoir cur isteach ar an bpost seo.

19. Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

Chuir an Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010) ón 1 Samhain 2010 Spriocscéim Dheonach Luathscoir Dhreasaithe agus Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll é den Scéim Dheonach Luathscoir Dhreasaithe nach féidir leo siúd a bhain leas as an scéim fostaíocht nua a thosú in san earnáil sláinte poiblí nó sa seirbhís phoiblí go ginearálta, nó i gcomhlacht a fhaigheann a chuid airgid nó a hairgead iomlán ó airgead poiblí. Baineann an coinníoll céanna maidir le hathfhostaíocht leis an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, seachas go leanann an cosc ar feadh seacht mbliana, agus tar éis sin beidh ceadú ón Aire

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil chun athfhostaíocht a chinntiú. Ní féidir leo siúd a bhain leas as an dá scéim seo páirt a ghlacadh sa chomórtas seo.

20. Dearbhú

Tá ar iarrthóirí dearbhú a dhéanamh má bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe ón seirbhís phoiblí. Beidh ar na hiarrthóirí a dhearbhaigh chomh maith má tá aon teidlíocht do shocair pinsin ón Seirbhís Phoiblí (in íocaíocht nó coinnithe) ón aon fhostaíocht eile sa Seirbhís Phoiblí agus/nó má bhfuair siad íocaíocht-in-ionad maidir le seirbhís in aon fhostaíocht sa Seirbhís Phoiblí.

21. Ráiteas Príobháideachais faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Próiseas Earcaíochta:

Cúis le hEolas Pearsanta a Phróiseáil Cuireann An Bord Pleanála próiseas earcaíochta a bhfuil bunús inniúlachta ann chun folúntais a líonadh san eagraíocht. Leis seo a dhéanamh, iarrtar ar daoine a bhfuil suim acu ann foirm iarratais a chur isteach a dhéanfar measúnú air ag painéil agallaimh. Don té a cheapfar, déanfar an conradh fostaíochta a scríobh le roinnt sonraí a chuirfear ar an bhfoirm iarratais (m.sh. ainm agus seoladh), agus beidh sé mar chuid den chomhad pearsanra acu.

Bunús Díl le hEolas Pearsanta a Phróiseáil

- Riachtanach maidir le feidhmiúlacht conartha nó chun conradh mar sin a thosú.
- Géilliúntas le hoibleagáid dhlíthiúil (Téarmaí na hAhta um Eolas Fostaíochta) 1994 - 2014

Faightheoirí Gheobhaidh na daoine seo a leanas d'eolas pearsanta ar chúiseanna a leagtar amach thíos:

Faightheoir	Fáth
<i>Acmhainní Daonna</i>	<i>Iarratas a stóráil, freagraí a admháil agus cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí.</i>
<i>Painéil Agallaimh</i>	<i>Gheobhaidh Painéil an Agallaimh d'iarratais chun gearrliosta agus measúnaithe a dhéanamh ar na hiarrthóirí.</i>
<i>Príomhoifigeach Míochaine (CMO)</i>	<i>D'fhéadfaimis do shonraí pearsanta a úsáid chun tú a chur ar aghaidh chuig an CMO má aibhsítear aon cheisteanna i d'fhoirm Féinmheasúnaithe Sláinte. Seolfar cóip den fhoirm dhearbhaite chuig an CMO freisin i gcás atreorú.</i>

Eolas ar aistriú sonraí taobh amuigh den AE Ní dhéantar próiseáil ar sonraí taobh amuigh den AE.

Cinnteoireacht Uathobrithe Ní bhaineann sé sin leis an bpróiseas seo.

Tréimhse Choinneála le haghaidh Sonraí Pearsanta

Coimeádfar iarratais ar feadh bliana do na hiarrthóirí nach éireoidh leo. Coimeádfar iarratas an té a cheapfar ina c(h)omhad fostaí le linn a f(h)ostaíochta agus le haghaidh tréimhse oiriúnaí i ndiaidh sin.

Do chearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i gcomhthéacs an phróisis seo


Ceart	Míniú
Rochtain	Is féidir leat eolas a iarraidh agus rochtain a fháil don eolas sin ag aon am sa phróiseas.
Iniomparthacht	Is féidir leat cóip de na sonraí sin a iarraidh agus a fháil, i bhfoirm leictreonach/ inaistrithe ag aon am
Scríosadh	Is féidir leat iarratas a chur isteach leis na sonraí atá ann a scríosadh. Tá achoimre déanta againn thuas ar an tréimhse coinneála atá ar an intinn againn.
Ceartú	Is féidir leat aon eolas atá mícheart, de réir uasdátú nó fáth eile, a cheartú. Ba chóir a thabhairt faoi deara go cloíonn spriocdhátaí d'iarratais fós agus mar sin ní féidir aon eolas, taobh amuigh d'eolas teagmhála, a athrú i ndiaidh don spriocdháta.
Agóid	Is féidir leat agóid a dhéanamh i gcoinne an eolais seo a phróiseáil agus iarratas a chur isteach le d'eolas a scríosadh.
Gearán a dhéanamh	Is féidir leat gearán a chur chuig ár Oifigeach Consanta Sonraí inmheánach (sonraí teagmhála leagtha amach thíos) agus/nó gearán a chur chuig an údarás maoirseachta oiriúnach – Coimisiúin Cosanta Sonraí in Éirinn.


Sonraí Teagmhála


Ainm: Oifigeach Cosanta Sonraí

R-phost: dataprotection@pleanala.ie

Aguisin 1 –



Legend:
 ADP = Assist Director Planning
 SPI = Senior Planning Inspector
 PI = Planning Inspector
 SAO = Senior Administrative Officer
 SEO = Senior Executive Officer
 EO = Executive Officer
 AA = Administrative Assistant
 Made up of existing staff



Aguisín 2 Inniúlachtaí Stiúrthóir Pleanála

Ceannaireacht & Treo Straitéiseach

- Treoraíonn sí/sé an fhoireann, ag leagan síos ardchaighdeáin, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ag éascú **Stiúrthóir Pleanála** ardfheidhmíochta
- Cuireann sí/sé le múnú straitéis agus polasaí na heagraíochta
- Forbraíonn sí/sé cumas agus acmhainn ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach
- Forbraíonn sí/sé cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil
- Treoraíonn sí/sé ullmhúchán d'athrú agus d'athchóiriú suntasach agus cuireann i bhfeidhm iad
- Déanann réamh-mheas agus tugann freagairt thapa ar fhorbairtí san earnáil/timpeallacht ghinearálta
- Comhoibríonn sí/sé le páirtithe leasmhara ábhartha de réir mar is cuí d'fheidhm an Bhoird agus dá Chód Iompair
- Cothaíonn sí/sé meas agus dínit san ionad oibre agus, más gá, déanann idirghabháil ghníomhach chun a chinntiú go bhfuil meas iomlán ar an gcur chuige seo sa rannóg/rannán/eagraíocht.

Breithiúnas & Cinnteoireacht

- Aithníonn agus díríonn sí/sé ar shaincheisteanna lárnacha agus í/é ag déileáil le faisnéis/cásanna casta
- Feiceann sí/sé an gaol idir saincheisteanna agus tuigeann sé go tapa na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla
- Sainaitníonn sí/sé réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta
- Gníomhaíonn sí/sé, déanann sí/sé cinntí in am agus bíonn an misneach aici/aige iad a thabhairt chun críche
- Déanann sí/sé cinntí fóna agus eolacha, le tuiscint ar a dtionchar agus a n-impleachtaí
- Féachann sí/sé le cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na heilimintí airgeadais/reachtacha agus polaitiúla agus an tionchar ar an gcustaiméir.

Bainistiú & Seachadadh Torthaí

- Tionscnaítear agus glacann sí/sé freagracht phearsanta as torthaí/seirbhísí a sheachadadh ina réimse féin
- Déanann sí/sé straitéis agus sonraí oibriúcháin a chothromú chun freastal ar riachtanais ghnó
- Bainistíonn sí/sé cláir oibre agus tascanna iolracha agus athdháileann sí/sé acmhainní chun athruithe ar fhócas a bhainistiú
- Baineann sí/sé an úsáid is fearr is féidir as acmhainní agus cuireann sí/sé bearta feidhmíochta i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach

- Cinntíonn sí/sé go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as TFC agus as samhlacha nua seachadta
- Athbhreithníonn sí/sé tionscadail agus gníomhaíochtaí go criticiúil chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus féachaint chuige go gcomhlíonann siad riachtanais eagraíochtaí
- Cuireann sí/sé an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh ina luí ar an bhfoireann
- Cinntíonn sí/sé go bhfuil an fhoireann dírithe ar an tasc agus go ngníomhaíonn siad ar thosaíochtaí an Phlean Gnó, fiú nuair a bhíonn brú orthu

Tógáil Caidrimh & Cumarsáid

- Labhairt agus scríobh ar bhealach soiléir, beacht ag a mbíonn tionchar
- Éisteacht go gníomhach, ag iarraidh peirspictíocht agus seasamh daoine eile a thuiscint
- Oibriú go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú an teannais a eascraíonn as peirspictíochtaí éagsúla geallsealbhóirí
- Teagmháil réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht agus i gcomhlachtaí eile agus líonraí gairmiúla láidre a thógáil
- Tuairimí a chur in iúl nuair a mhothaíonn sí/sé go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh

Dúthracht agus Tiomantas

- Féachann i gcónaí le feidhmiú ag leibhéal ard
- Léiríonn tiomantas pearsanta don ról, agus coinnítear diongbháilteacht agus dianseasmhacht
- A bheith iontaofa agus macánta go pearsanta, ag comhlíonadh gealltanais
- Cinntíonn sé go bhfuil seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
- A bheith athléimneach, ag cothú suaimhnis fiú i gcásanna díobhálacha nó dúshlánacha
- Cothaítear cultúr a chothaíonn na caighdeáin is airde eitice agus ionracais

Saineolas ar Mhuirí agus Aeráid agus Féinfhorbairt

- Forbraíonn agus cothaíonn sí/sé scileanna agusaineolas thar roinnt réimsí a bhaineann le réimse na pleanála agus an chomhshaoil
- Bíonn sí/sé suas chun dáta le forbairtí i gcúrsaí pleanála agus comhshaoil lena n-áirítear reachtaíocht ag leibhéal náisiúnta agus AE
- Coinnítear fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis